Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 13

# Oifig na nOibreacha Poiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 ar thuarastail agus ar chostais Oifig na nOibreacha Poiblí; ar sheirbhísí a riartann ag an Oifig sin, ar íocaíocht deontas áirithe agus ar aisghabháil caiteachais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Géillfear farasbarr €364,690 don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6 ina gcuid den chuntas seo.

***Aistriú na bhFeidhmeanna***

Aistríodh freagracht don tseirbhís náisiúnta sholáthair go Vóta 41, an Oifig um Sholáthar Rialtais, le feidhm ó 1 Eanáir 2014.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite díobh seo a leanas;

***(a) Ráiteas um shócmhainní caipitiúla: luacháil talaimh agus foirgneamh***

Leanann Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí ag déanamh athbhreithniú ar mhodheolaíochtaí luachála ar thalamh agus foirgnimh agus lean siad caighdeáin chuntasaíochta na hearnála poiblí agus prótacail luachála arna dtáirgeadh ag an Royal Institution of Chartered Surveyors, a nglactar leo mar thionscalchaighdeánach in Éirinn, i Luacháil RICS – Caighdeáin Ghairmiúla Eanáir 2014. Tá na luachálacha faoi réir líon mórcháilíochtaí agus níor cheart iad a mheas amhail meastachán reatha i leith luach inréadaithe.

Cuirtear measúnuithe ar luach margaidh ar bhonn 'úsáid reatha' i bhfeidhm ar thalamh agus ar fhoirgnimh sa chás go bhfuil comparáidí idir margaí ar fáil. Tá na meastacháin, i gcás cuid mhór den phunann, bunaithe ar ghnáthchostais tógála reatha agus luachanna barúlacha suímh. Rinneadh luacháil ar mhaoine gradaim le modh luachála an chostais athsholáthair. Luacháladh maoine a ceannaíodh ón 1 Eanáir 1995 i leith agus maoine a tógadh ón 1 Eanáir 1997 i leith ag bunphraghas i dtosach. Ní áirítear maoine stairiúla náisiúnta ná séadchomharthaí náisiúnta sa luacháil.

***(b) Luach tairsí i gcomhair sócmhainní caipitiúla***

Cuireann an Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) luach tairsí €300 i bhfeidhm dá Sócmhainní Caipitiúla i ngeall ar an méid mór míreanna gléasra agus trealaimh atá acu ar fud na tíre.

***(c) Dímheas***

Dímheastar sócmhainní gléasra agus innealra de réir méid chothroim feadh a saoil fhónta mheasta.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím m'fhreagracht as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, ní féidir le córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bith ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, go bhfuil na hidirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha ar bith a chosc nó go ndéanfaí iad a bhraith go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Chomhlíon mé mo dhualgais i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte chuig an Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcumisítear na gnéithe seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun cliseadh suntasach ar rialú a thuairisciú agus chun beart ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá coiste iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Admhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go sonrach

- Go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach.
- Go ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta ar na tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamh-mheastachán.
- Go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig.
- Go bhfuil córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú.
- Go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.
- Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábharta ar fad. Chloígh an Oifig leis na treoirlínte seachas cúig chonradh dar luach €385,000 a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Leanadh ag cur seirbhís ar fáil níos faide ná dáta deirdh an chonartha bhunaidh gan soláthar iomaíoch. I dtrí chás, tá na comórtais tairisceana comhlánaithe agus tá péire acu fós ar siúl.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibríonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Oifig nochta bun taca faoina hobair agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar fiosrú ar na tuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

**Clare McGrath**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

31 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig na nOibreacha Poiblí. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Ag tuairisciú ar ghnóthaí a tháinig chun cinn ó iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 8 de mo thuarascáil maidir le cuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2014 do ghnóthaí áirithe a bhaineann le Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2015

# Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

# Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Tionscadail Faoisimh Thuilte | 69,420 | 69,647 | 70,788 |
| B | Bainistíocht Punann Eastáit | 311,752 | 311,361 | 323,635 |
| | *An tSeirbhís Náisiúnta Soláthair* | — | — | *4,782* |
| | **Ollchaiteachas** | **381,172** | **381,008** | **399,205** |
| | *Asbhain* | | | |
| C | **Leithghabhálacha i gcabhair** | **27,026** | **27,227** | **26,041** |
| | **Glanchaiteachas** | **354,146** | **353,781** | **373,164** |

**Farasbarr le géilleadh**

Géillfear farasbarr an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 364,690 | 880,000 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 30,742 | 31,467 | 34,064 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,311 | 1,382 | 1,463 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 637 | 597 | 667 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,532 | 1,630 | 1,607 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 2,231 | 2,465 | 3,731 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,253 | 1,265 | 1,482 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 47 | 61 | 13 |
| | | 37,753 | 38,867 | 43,027 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 342,141 | 356,178 |
| Riarachán pá | | 31,467 | 34,064 |
| Riarachán caiteachas eile | | 7,400 | 8,963 |
| **Caiteachas comhlán**[a] | | **381,008** | **399,205** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithghabhálacha i gcabhair** | | **27,227** | **26,041** |
| **Glanchaiteachas** | | **353,781** | **373,164** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannacháin (airgead) | (3,740) | | |
| Airgead diúscairtí[b] | 1,461 | | |
| Dímheas | 5,411 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (132) | | |
| | | 3,000 | (535) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (2,918) | | |
| Laghdú ar stoc | (37) | | |
| | | (2,955) | (1,478) |
| **Caiteachas díreach** | | **353,826** | **371,151** |
| | | | |
| Caiteachas ar sheirbhísí a soláthraíodh saor in aisce do Ranna eile (seirbhísí comhghaolmhara)[c] | | (147,539) | (147,182) |
| Caiteachas ar sheirbhísí leis an OPW ag feidhmiú mar chliant[d] | | (103,334) | (114,371) |
| **Caiteachas díreach** (cé is moite de Sheirbhísí Comhghaolmhara agus seirbhísí nuair a fheidhmíonn an OPW mar chliant) | | **102,953** | **109,598** |
| | | | |
| **Caiteachas a caitheadh ar rudaí eile** | | | |
| Vóta 12 – Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | | 18,378 | 18,671 |
| **Chostas iomlán oibriúcháin**[e] | | **121,331** | **128,269** |

[a] Díorthaítear an figiúr seo ón olltoradh um Vóta 13 amháin (€381.008 milliún) ach is ionann idirbhearta airgeadais iomlána an OPW le linn 2014 agus €507.008 milliún, lena n-áirítear caiteachas díreach a thabhaigh an OPW agus a gearradh ar Vótaí eile.

[b] Ní áirítear le figiúr na ndiúscairtí airgid na fáltais ó dhíol maoine sa bhliain 2014, de luach €1.868 milliún, a íocadh go díreach leis an Státchiste (dá dtagraíonn Nóta 4.2).

[c] Áirítear anseo caiteachas caipitil €28.895 milliún.

[d] Laghdaíodh figiúr an chaiteachais dhírigh faoin tsuim €103.334 milliún, arb é glanchostas na seirbhísí mar a bhfeidhmíonn an OPW mar chliant i dtabhairt faoi nó urrú oibreacha thar ceann an Stáit (e.g. cothabháil draenála, faoiseamh ó thuilte, cothabháil na maoine oidhreachta, deontais le haghaidh oibreacha áirithe athchóirithe don Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath). Níl costas na n-oibreacha agus na ndeontas sin mar chuid de chostais reatha an OPW.

[e] Ní áirítear leis an bhfigiúr do chostas oibriúcháin suim le haghaidh íocaíochtaí ná ioncam barúlach.

(i) Meastar gurb ionann na measchíosanna atá infhaighte ag an OPW maidir le maoin faoi úinéireacht an Stáit agus tuairim is €67.1 milliún. Meastar gur ionann na measchíosanna atá iníoctha ag an OPW agus €3.1 milliún.

(ii) Níor áiríodh suimeanna leis an Ráiteas i ndáil le measioncam ó ranna cliaint i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí saor in aisce faoi láthair.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | 3,222,162 | 3,032,898 |
| **Sócmhainní caipitiúla atá á bhforbairt** | 2.3 | — | 498 |
| | | **3,222,162** | **3,033,396** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.4 | 27,672 | 39,984 |
| Stoic | 2.5 | 2,071 | 2,034 |
| Réamhíocaíochtaí | | 21,075 | 21,812 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,282 | 1,083 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 3,558 | 4,422 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **55,658** | **69,335** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 4,464 | 7,638 |
| Ioncam iarchurtha | | 39 | 320 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 30,866 | 43,526 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 364 | 880 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **35,733** | **52,364** |
| **Glandliteanais reatha** | | **19,925** | **16,971** |
| **Glansócmhainní** | | **3,242,087** | **3,050,367** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **3,242,087** | **3,050,367** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2014 €000** | **2013 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 3,050,367 | 2,888,931 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 354,146 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (365) | | |
| Glanvóta | | | 353,781 | 373,164 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 18,378 | 18,671 |
| Seirbhísí gaolmhara | 1 | | (147,539) | (147,182) |
| Seirbhísí cliaint | 1 | | (103,334) | (114,371) |
| Chostas iomlán oibriúcháin | 1 | | (121,331) | (128,269) |
| Coigeartú | | | 191,765 | 159,423 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **3,242,087** | **3,050,367** |

[a] Tá san áireamh sna coigeartuithe €195 milliún maidir le hathluachálacha talaimh agus foirgneamh (nóta 2.2).

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Gléasra agus innealra | Troscán trealamh | Oifige agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2014 | 3,010,987 | 42,147 | 26,583 | 20,829 | 3,100,546 |
| Breiseanna | 11,209 | 1,666 | 821 | 1,065 | 14,761 |
| Diúscairtí | (14,645) | (2,209) | (461) | (19) | (17,334) |
| Athluachálacha[a] | 194,690 | — | — | — | 194,690 |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2014 | 3,202,241 | 41,604 | 26,943 | 21,875 | 3,292,663 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2014 | — | 32,620 | 21,138 | 13,890 | 67,648 |
| Dímheas don bhliain | — | 2,611 | 1,980 | 820 | 5,411 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (2,082) | (459) | (17) | (2,558) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2014 | — | 33,149 | 22,659 | 14,693 | 70,501 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **3,202,241** | **8,455** | **4,284** | **7,182** | **3,222,162** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **3,010,987** | **9,527** | **5,445** | **6,939** | **3,032,898** |

[a] Rinneadh roinnt foirgneamh i mBaile Átha Cliath a athluacháil le luach reatha margaidh a sholáthar agus rinneadh roinnt foirgneamh ardghradaim a athluacháil ar 'luach costais athsholáthair'.

**2.3 Sócmhainní Caipitiúla atá á bhForbairt**

| amhail an 31 Nollaig | Talamh agus foirgnimh |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2014 | 498 |
| Íocaíochtaí airgid tirim sa bhliain | 1,042 |
| Aistrithe chuig clár sócmhainní | (1,540) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014 | — |

**2.4 Banc agus Airgead**

| amhail an 31 Nollaig | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna bainc | | |
| An Banc Ceannais | 26,151 | 40,605 |
| Banc tráchtála | 1,513 | — |
| Mionairgead | 11 | 12 |
| Orduithe gan íoc | (3) | (633) |
| | 27,672 | 39,984 |

| **2.5 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stoic innealtóireachta | 864 | 776 |
| Stoic iosta oidhreachta | 1,067 | 1,116 |
| Ábhair thógála | 77 | 100 |
| Páipéar agus stáiseanóireacht | 12 | 15 |
| Stoic ilghnéitheacha | 51 | 27 |
| | 2,071 | 2,034 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Aisíocaíochtaí pinsin atá dlite ón Roinn Airgeadais | — | 2,112 |
| Párolla fionraí | 1,219 | 1,264 |
| Ciosanna | 1557 | 1046 |
| Cuntas fhoirgneamh scoile | 730 | — |
| Cuntais chothabhála | 52 | — |
| | 3,558 | 4,422 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | — | 780 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | — | 328 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | — | 693 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 554 | 692 |
| Cáin Bhreisluacha | 4,860 | 3,925 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 3 | 215 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | — | 6 |
| Fáltais ó dhíol maoine Stáit | 677 | 186 |
| | 6,094 | 6,825 |
| Cuntais Oibreacha Éagsúla | 12,493 | 23,893 |
| Cuntais bhainistíochta maoine | 8,340 | 6,908 |
| Scéim céatadáin le haghaidh ealaíne | 1,369 | 2,020 |
| Cuntais Chothabhála | — | 299 |
| Seirbhísí Troscáin | 1,299 | 1,244 |
| Oidhreacht | 820 | 856 |
| Cuntas fhoirgneamh scoile | — | 511 |
| Asbhaintí den phárolla atá a gcoinneáil ar fionraí | 276 | 793 |
| Míreanna eile creidmheasa fionraí | 175 | 177 |
| | 30,866 | 43,526 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste**<br>amhail an 31 Nollaig | **2014**<br>**€000** | **2013**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 365 | 880 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1) | — |
| Glandliteanas don Státchiste | 364 | 880 |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 27,672 | 39,984 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 3,558 | 4,422 |
| | 31,230 | 44,406 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (6,094) | (6,825) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (24,772) | (36,701) |
| | (30,866) | (43,526) |
| | | |
| | 364 | 880 |

**2.9 Ceangaltais**

| **(a) Ceangaltais dhomhanda**<br>amhail an 31 Nollaig | **2014**<br>**€000** | **2013**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí | 2,111 | 5,270 |

Bhí ceangaltais gan íoc ag deireadh 2014 i ndáil le cíos maoine ar léas – bheadh soláthar sonrach nó íostréimhse fógra i gceist le léasanna níos fadtéarmaí de ghnáth i leith luathchríochnú. Níor áiríodh figiúirí do na ceangaltais sin sa chuntas seo ach meastar gurb ionann iad agus €94 milliún in 2015 (2014: €101 milliún).

**(b) Ceangaltais chaipitil iibhliantúla**

Mionsonraítear sa tábla seo a leanas an caiteachas sa bhliain 2014 agus na ceangaltais atá le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin de bhun tionscadail chaipitiúla sa chás go raibh conarthaí infhorfheidhmithe le dlí i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2014.

| | **€000** |
|---|---|
| Caiteachas in 2014 | 101,549 |
| Ceangaltais sásamh sna blianta ina dhiaidh seo (2015-2017) | 138,325 |

**(c) Mórthionscadail chaipitiúla**

Tabhaíodh caiteachas ar dheich mórthionscadal i rith 2013 ina sáróidh costas measta iomlán an tionscadail ar leith €6.5 milliún. Is iad seo a leanas mionsonraí na dtionscadal sin:

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Caiteachas Carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2013 | Caiteachas | Blianta ina dhiaidh sin meastachán | Iomláin tionscadail | Iomláin tionscadail |
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Scéimeanna faoisimh thuilte** | | | | | |
| Mhala Thuaidh | 19,504 | 205 | 3,009 | 22,718 | 22,718 |
| Mhala Theas | 9,951 | 609 | 3,453 | 14,013 | 14,843 |
| Chluain Meala Thiar | 22,680 | 1,077 | 1,243 | 25,000 | 23,810 |
| Chluain Meala Thuaidh | 15,061 | 121 | 3,533 | 18,715 | 18,715 |
| Mhainistir Fhear Maí Thuaidh | 7,781 | 243 | 1,873 | 9,897 | 9,897 |
| Mhainistir Fhear Maí Theas | 15,452 | 4,190 | 9,875 | 29,517 | 28,770 |
| Na Dothra (Taoidmhear) | 12,195 | 326 | 3,520 | 16,041 | 13,000 |
| Na Dothra (Scéim Shil-leagan) | 1,344 | 1,999 | 5,682 | 9,025 | — |
| Inis Íochtarach | 10,770 | 4,074 | 3,801 | 18,645 | 16,000 |
| Bré | 10,315 | 4,875 | 30,810 | 46,000 | 40,000 |
| Port Láirge | 6,971 | 4,240 | 6,789 | 18,000 | 13,515 |
| | 132,024 | 21,959 | 73,588 | 227,571 | 201,268 |

**Athruithe suntasacha**

Soláthraítear míniú thíos nuair a mhéadaigh na ceangaltais ilbhliantúla faoi níos mó ná €500,000 ó 2013 go 2014.

| Cur síos | Costas iomlán méadú €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Chluain Meala Thiar | 1,190 | De réir mar a bhí oibreacha beagnach críochnaithe theastaigh coigeartuithe le meastacháin níos suas-chun-dáta tógála a léiriú chomh maith le héilimh chúitimh tríú páirtí. |
| Mhainistir Fhear Maí Theas | 747 | De réir mar a bhí oibreacha beagnach críochnaithe theastaigh coigeartuithe le meastacháin iarbhíre tógála a léiriú chomh maith le héilimh chúitimh tríú páirtí. |
| Na Dothra (Taoidmhear) | 3,041 | Theastaigh coigeartuithe le costais mheasta an tionscadail a léiriú a bhí chomh suas chun dáta agus ab fhéidir seachas bheith ag léiriú na gcostas tógála amháin a úsáideadh i bhfigiúirí na bliana roimhe sin. |

| Cur síos | Costas iomlán méadú €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Na Dothra (Scéim Shil-leagan) | 9,025 | Seo cuid abhann Scéim na hAbhann Dothra agus tá Buiséad Tionscadail de €9.03 milliún ag baint leis. Bhain an caiteachas i 2013 le hoibreacha éigeandála a ionchorpraíodh isteach i scéim níos leithne ó shin. |
| Inis Íochtarach | 2,645 | De réir mar a bhí oibreacha beagnach críochnaithe theastaigh coigeartuithe le meastacháin níos suas-chun-dáta tógála a léiriú chomh maith le héilimh chúitimh tríú páirtí. |
| Bré | 6,000 | Mar gheall ar chríochnú an bhunchonartha agus obair fós ar siúl, bhí de thoradh ar athchur ar tairiscint na n-oibreacha ag an údarás áitiúil costais mheasta níos airde a léirítear anois sa bhuiséad tionscadail athbhreithnithe. |
| Port Láirge | 4,485 | Athbhreithníodh an buiséad iomlán tionscadail le hoibreacha breise sa scéim a chur san áireamh mar gheall ar dhálaí talaimh nach rabhthas ag coinne leo, go príomha. |

**(d) Costais chaipitiúla tionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí**

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas anuas go dtí an 31 Nollaig 2013** | **Caiteachas[a]** | **Iarmhéid gan íoc ar chostas caipitiúil an tionscadail ar sheachadadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath | 87,610 | 24,677 | 167,941 | 280,228 | 286,975 |

[a] Léiríonn sé an caiteachas sa bhliain reatha ar aisíocaíocht chostas caipitiúil na sócmhainne, gan costas maointhe PPP san áireamh.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Tionscadail faoisimh thuilte** | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | 6,644 | 6,665 | 6,707 |
| A.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 1,927 | 1,598 | 2,219 |
| A.3 | Ceannach gléasra innealtóireachta agus innealra | 800 | 821 | 982 |
| A.4 | Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta | 1,004 | 1,001 | 919 |
| A.5 | Tionscadail faoisimh thuilte | 44,200 | 43,537 | 44,913 |
| A.6 | Draenáil — cothabháil | 14,845 | 16,025 | 15,048 |
| | | 69,420 | 69,647 | 70,788 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €227,000 níos mó ná mar a foráladh dó. Seo a leanas an fo-cheannteideal leis na héagsúlachtaí is mó:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Draenáil — cothabháil | (1,180) | Tabhaíodh caiteachas breise maidir le deisiúchán ar bhonneagar um chosaint tuile OPW tar éis damáiste stoirme idir Nollaig 2013 – Eanáir 2014. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Bainistíocht punann eastáit** | | | |
| B.1 | Riarachán - Pá | 24,098 | 24,802 | 24,134 |
| B.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 5,084 | 5,802 | 6,380 |
| B.3 | Foireann tís an Uachtaráin (pá) | 722 | 771 | 809 |
| B.4 | Deontais le haghaidh oibreacha áirithe athchóirithe | 250 | 250 | 340 |
| B.5 | Ceannach láithreán agus foirgneamh | 500 | 709 | 10 |
| B.6 | Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna | 38,450 | 46,877 | 48,199 |
| B.7 | Cothabháil réadmhaoine agus soláthairtí | 54,355 | 55,675 | 54,033 |
| B.8 | Cíosanna etc. | 100,852 | 94,302 | 97,437 |
| B.9 | Breosla, leictreachas agus uisce | 1,823 | 1,721 | 1,757 |
| B.10 | Íocaíochtaí Aonadacha | 50,300 | 43,208 | 48,346 |
| B.11 | Seirbhísí oidhreachta | 35,097 | 37,075 | 35,886 |
| B.12 | Seirbhísí foilsithe Rialtais | 221 | 169 | 154 |
| B.13 | Uachtaránacht an AE | — | — | 6,150 |
| | | 311,752 | 311,361 | 323,635 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €391,000 níos ísle ná mar a foráladh dó. Seo a leanas na fo-cheannteidil leis na héagsúlachtaí is mó:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ceannach láithreán agus foirgneamh | (209) | Tabhaíodh an caiteachas breise ar éarlaisí ar ghabháil réadmhaoine atá le cur i gcrích in 2015 agus maoiníodh é trí vírmint ó choigiltis eile ar an Vóta. |
| Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna | (8,427) | Tabhaíodh an caiteachas breise ar roinnt tionscadal agus clár lena n-áirítear an clár meicniúil agus leictreach agus maoiníodh íocaíocht socraithe cúirte eile trí vírmint ó choigiltis eile ar an Vóta. |
| Cíosanna, etc. | 6,550 | Rinneadh an coigilteas a baineadh amach de bharr an réasúnaithe oifige leanúnaigh agus an chláir ghéillte léasa. |
| Breosla, leictreachas agus uisce | 102 | D'eascair an coigilteas as ceist ama i gcás nár próiseáladh roinnt íocaíochtaí go dtí 2015. |
| Íocaíochtaí Aonadacha | 7,092 | D'eascair an coigilteas ar íocaíochtaí aonaid don Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath as íocaíocht CBL ar chuntas a úsáideadh de €5.795 milliún chun dliteanais a sheach-chur in 2014. |
| Seirbhísí oidhreachta | (1,978) | D'eascair an barrachas as caiteachas breise ar chostais phá treoraithe agus deisiú an bhonneagair ag réadmhaoin stairiúla mar gheall ar dhamáiste stoirme idir Nollaig 2013 – Eanáir 2014. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithghabhálacha-i-gcabhair | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Cíosanna, táillí ceadúnais etc. | 3,646 | 3,943 | 4,533 |
| 2. | Bainistíocht imeachtaí agus aiseanna | 1,190 | 2,068 | 1,142 |
| 3. | Fáltais le haghaidh Seirbhísí Foilsithe Rialtas | 630 | 746 | 696 |
| 4. | Gnóthaithe i leith seirbhísí a tugadh ar bhonn aisíocaíochta nó gníomhaireachta | 7,725 | 7,442 | 7,770 |
| 5. | Díolacháin ag sealúchas stairiúil agus séadchomharthaí náisiúnta | 470 | 935 | 561 |
| 6. | Táillí isteach ag séadchomharthaí náisiúnta agus sealúchais stairiúla | 5,600 | 5,853 | 5,560 |
| 7. | Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, etc. | 3,700 | 2,026 | 1,124 |
| 8. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 4,065 | 4,214 | 4,655 |
| | Iomlán | 27,026 | 27,227 | 26,041 |

**Míniú ar na mórathruithe**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal lenar bhain toradh breis is €100,000 mór/ níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cíosanna, táillí ceadúnais etc. | (297) | D'eascair na fáltais bhreise mar gheall ar mheastachán coimeádach i dtaca le fáltais chrainn. Bhíothas ag dréim leis go mbeadh siad seo níb'ísle mar gheall ar dhúnadh agus ar dhíolachán réadmhaoine a rabhthas ag coinne leis i 2014 ach níor tharla sin sa deireadh. |
| Bainistíocht imeachtaí agus áiseanna | (878) | D’eascair an barrachas as méadú ar fháltais iontrála agus chomhdhála ag Caisleán Bhaile Átha Cliath agus ag Caisleán Chill Chainnigh. |
| Fáltais le haghaidh seirbhísí foilsithe Rialtais | (116) | D’eascair an méadú ar fháltais as ioncam breise ó fhógraíocht Iris Oifigiúil. |
| Díolacháin ag sealúchas stairiúil agus séadchomharthaí náisiúnta | (465) | D’eascair an barrachas as fáltais ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leo ó tháillí lamháltais. |
| Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, etc. | 1,674 | Bhí fáltais ilghnéitheacha níb'ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis, ós rud é gur cuireadh cúram Chiste Náisiúnta na hÉifeachtúlachta Fuinnimh ar an Státchiste arís i Mí Aibreáin 2014. |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

Íocadh fáltais de €1.868 milliún ó dhíolachán réadmhaoine stáit i 2014 don Státchiste le linn 2014. Bhí san áireamh iarmhéid tosaigh de €0.186 milliún a bhí dlite le bheith íoctha don Státchiste ag deireadh 2013. Níorbh ann d'aon mhéideanna gan íoc a bhí fós le híoc don Státchiste ag deireadh 2014.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne** (coibhéisí lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 550 | 608 |
| Gráid Shonracha an OPW | 1,015 | 1,055 |
| | 1,565 | 1,663 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 73,142 | 76,365 |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 240 | 267 |
| Gráid Shonracha an OOP | 453 | 520 |
| **Ragobair** | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 111 | 130 |
| Gráid Shonracha an OPW | 2,891 | 2,992 |
| **Tinreamh Breise, seal agus uainchlár** | | |
| Gráid Shonracha an OPW | 2,153 | 2,282 |
| ASPC Fostóra | 6,515 | 6,689 |
| **Pá iomlán** | **85,505** | **89,245** |

Áirítear san fhigiúr don phá iomlán pá i gcláir fotheidil A1, A4, A5, A6, B1, B3, B7, agus B11 agus áirítear ann pá do 490 ball foirne breise sealadacha agus séasúracha in 2014 (2013: 403 foireann bhreise).

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2014 € | Uasíocaíocht aonair 2013 € |
|---|---|---|---|---|
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 84 | 1 | 11,424 | 20,613 |
| Gráid Shonracha an OOP | 742 | 1 | 17,041 | 18,885 |
| **Ragobair** | | | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 27 | 1 | 12,022 | 16,744 |
| Gráid Shonracha an OPW | 831 | 80 | 27,084 | 38,690 |
| **Tinreamh Breise, seal agus uainchlár** | | | | |
| Gráid Shonracha an OPW | 720 | 17 | 15,452 | 17,764 |

Fuair daoine áirithe luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Rinne an OPW státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus a bhí ag fáil phinsean na seirbhíse sibhialta a fhostú athuair agus a íoc go díreach. Bhain costas €18,900 leis seo.

**5.3 Ró-íocaíochtaí**

B'ionann an méid ró-íocaíochtaí a d'eascair in 2014 agus €48,529 i ndáil le 47 cás aonair. Fuarthas €13,719 de seo ar ais.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 An Tionscnamh Tithíochta Incheannaithe

Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí íocaíochtaí dar luach €4,669,377 leis an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe i ndiaidh breithiúnas Ard-Chúirte i dtaca le socrú babhtála talún le Durkan New Homes faoin tionscnamh tithíochta inacmhainne (smachtbhannaí D/PER 2014).

### 6.2 Íocaíochtaí Cúitimh

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí dlí | — | 91 |
| Costais chúitimh | 769 | 252 |
| | 769 | 343 |

### 6.3 Soláthar Seirbhísí Gníomhaireachta

I dteannta an chaiteachais ar Vóta 13, is amhlaidh a fheidhmíonn an OPW mar ghníomhaire, agus a thabhaíonn siad caiteachas, thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile. Is iad an OPW a sholáthraíonn an cistiú don chaiteachas sin trí urraíocht a dhéanamh don Roinn/Ghníomhaireacht, agus léirítear é mar mhuirear ar chuntas an cliant-eagrais. B’ionann an caiteachas iomlán in 2014 agus €126 milliún. Ba iad na príomhnithe ar ar caitheadh seo móroibreacha caipitil (€76 milliún), clár scoileanna (€19 milliún), oibreacha cothabhála (€3 mhilliún), léasú cóiríochta (€14 mhilliún), iasachtaí aitiúla (€4.8 milliún) agus bainistíocht maoine (€7 milliún).

Chomh maith leis sin, tugann an Oifig faoi róil shonracha nach meallann cistí vótáilte an OPW a éilíonn ionchur agus acmhainní ar bhonn leanúnach, e.g. comhairle a thabhairt maidir le cúrsaí ailtireachta, roghanna fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt, iniúchtaí uilíocha rochtana a dhéanamh, tograí i dtaobh coisc le tuile a scrúdú, suíomhanna i gcomhair bunscoileanna a aimsiú, a mheas, a fháil agus a thógáil, cúrsaí soláthair maidir le tionscadail ar leith, agus bainistíocht ealaíne laistigh de phunann an Stáit.

### 6.4 Ús agus Cúiteamh

Rinne an OPW íocaíochtaí úis phionóis agus chúitimh €18,106 ar an iomlán in 2014 faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 i ndáil le híocaíochtaí déanacha (€6,134 in 2013). Tháinig luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinne an OPW sa bhliain 2014 chuig €445 million, agus ba é líon iomlán na n-íocaíochtaí inríofa 65,709.

### 6.5 Dliteanas Teagmhasach

Tá an Oifig rannpháirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh ar féidir go nginfidh siad dliteanais, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méid nó dátaí iarbhíre ábhar dliteanas neamhchinnte.

**6.6 Seirbhísí a soláthraíodh do Ranna agus Oifigí in 2014 (Fotheideal B8 Cíosanna etc.)**

| Ranna, etc. | 2014 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 |
| Tithe an Oireachtas | 1,167 | 1,040 | 1,128 |
| An Taoiseach | 178 | 61 | 171 |
| An tArd-Aturnae | 130 | 82 | 125 |
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | 715 | 663 | 690 |
| Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí | 1,872 | 1,344 | 1,809 |
| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 799 | 736 | 772 |
| Airgeadas | 901 | 97 | 871 |
| An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 673 | 650 | 650 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 17,411 | 16,393 | 16,821 |
| Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | 570 | 1,084 | 551 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,238 | 4,180 | 3,129 |
| An Oifig Luachála | 853 | 729 | 824 |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 2,028 | 1,966 | 1,959 |
| Seirbhísí Comhroinnte | — | 545 | — |
| An tOmbudsman | 1,145 | 1,088 | 1,106 |
| An Garda Síochána | 8,554 | 8,153 | 8,264 |
| Na Príosúin | 127 | 142 | 123 |
| An tSeirbhís Chúirteanna | 776 | 658 | 750 |
| Clárlann na Talún | 164 | 265 | 159 |
| Dlí agus Ceart agus Comhionannas | 12,283 | 10,857 | 11,867 |
| Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil | 510 | 724 | 493 |
| Oideachas agus Scileanna | 4,110 | 3,555 | 3,970 |
| Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 5,037 | 4,161 | 4,866 |
| Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | 4,135 | 3,554 | 3,995 |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 3,308 | 2,444 | 3,196 |
| Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 4,083 | 3,833 | 3,945 |
| Poist, Fiontair agus Nuálaíocht | 6,476 | 5,695 | 6,256 |
| Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 1,490 | 1,837 | 1,440 |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | 110 | 110 | 107 |
| Cosaint | 421 | 321 | 407 |
| Coimirce Shóisialach | 13,781 | 13,451 | 13,315 |
| Sláinte | 1,429 | 1,311 | 1,381 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 105 | 99 | 101 |
| Gnóthaí Leanaí agus Óige | 2,273 | 2,175 | 2,196 |
| An Oifig um Sholáthar Rialtais | — | 299 | — |
| **Iomlán** | **100,852** | **94,302** | **97,437** |